2013. S333T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2013

# Matamaitic
# (Tionscadal Mata – Céim 3)

## Páipéar 2

## Gnáthleibhéal

Dé Luain 10 Meitheamh – Maidin 9.30 go dtí 11.30

300 marc

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Iomlán reatha | |
|---|---|

| Don Scrúdaitheoir | | | |
|---|---|---|---|
| Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 11 | |
| 2 | | 12 | |
| 3 | | 13 | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| 7 | | | |
| 8 | | Iomlán | |
| 9 | | Bónas | |
| 10 | | Móriomlán | |

| Grád |
|---|
| |

## Treoracha

Tá 13 cheist ar an scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** ceist.

Ní gá go bhfuil na ceisteanna ar aon mharc. Moltar uasmhéid ama do gach ceist anseo chun cabhrú leat do chuid ama a roinnt go cuí le linn an scrúdaithe. Má chloíonn tú leis na hamanna seo, beidh thart ar 10 nóiméad fágtha agat chun súil a chaitheamh siar ar d'obair.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás ag deireadh an leabhráin d'obair bhreise. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir, freisin. Lipéadaigh go soiléir aon obair bhreise le huimhir na ceiste agus an chuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfear marcanna mura dtaispeántar go soiléir an obair riachtanach go léir.

Ba chóir na haonaid tomhais chuí a thabhairt sna freagraí, áit a bhfuil siad ábhartha.

Ba chóir na freagraí a thabhairt san fhoirm is simplí, áit a bhfuil sé sin ábhartha.


Scríobh déanamh agus leagan d'áireamhá(i)n anseo:

| |
|---|
| |


**Ceist 1** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Teastaíonn ó Niamh síneadh a chur lena cistin. Tá dhá phlean aici.
Is é an síneadh ná an limistéar scáthlínithe sa dá phlean.

Plean 1




Plean 2




**(a)** Faigh an t-achar ag an síneadh sa dá phlean faoi seach.

Plean 1

Plean 2

**(b)** Cé acu plean a chuireann an t-achar is mó leis an gcistin? Cuir tic sa bhosca ceart.

Plean 1 ☐ Plean 2 ☐

**(c)** Cé mhéad méadar cearnach breise a bheadh ag Niamh dá n-úsáidfeadh sí an plean seo, seachas an plean eile?

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 2** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Tá na sonraí sa tábla thíos tógtha as *CensusAtSchool*.
Tugann na sonraí eolas faoi conas a dhéanann mic léinn athchúrsáil ar channaí deochanna boga.

| **Mac Léinn** | **Inscne** | **Aois** | **Bliain** | **Suíomh** | **Cannaí a Ceannaíodh** | **Cannaí a Athchúrsáladh** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A | Baineann | 12 | Bliain a 1 | Áth Cliath | 6 | 2 |
| B | Fireann | 13 | Bliain a 1 | Tiobraid Árann | 0 | 0 |
| C | Fireann | 14 | Bliain a 2 | Corcaigh | 1 | 1 |
| D | Baineann | 15 | Bliain a 5 | An Cabhán | 0 | 0 |
| E | Fireann | 15 | Bliain a 4 | Corcaigh | 2 | 1 |
| F | Fireann | 13 | Bliain a 1 | Uíbh Fhailí | 5 | 2 |
| G | Baineann | 17 | Bliain a 5 | An Iarmhí | 1 | 1 |
| H | Fireann | 17 | Bliain a 5 | An Iarmhí | 2 | 0 |
| I | Fireann | 13 | Bliain a 1 | Maigh Eo | 1 | 1 |
| J | Fireann | 13 | Bliain a 2 | An Ghaillimh | 2 | 2 |
| K | Fireann | 17 | Bliain a 5 | Cill Chainnigh | 5 | 5 |
| L | Baineann | 12 | Bliain a 1 | Áth Cliath | 3 | 1 |
| M | Baineann | 17 | Bliain a 6 | Ciarraí | 2 | 1 |
| N | Baineann | 17 | Bliain a 5 | Áth Cliath | 3 | 1 |

**(a)** Cé mhéad mac léinn atá sa sampla?

**(b)** Comhlánaigh an tábla thíos chun na mic léinn **shóisearacha** (Bliain a 1 go dtí a Bliain 3) sa sampla a thaispeáint, agus chun a thaispeáint cé mhéad canna an duine a rinne siad a cheannach agus a athchúrsáil.

| **Mac Léinn** | **A** | | | | | **L** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cannaí a Ceannaíodh** | **6** | | | | | **3** |
| **Cannaí a Athchúrsáladh** | **2** | | | | | **1** |

**(c)** Cé mhéad canna de dheochanna boga a cheannaigh na mic léinn shóisearacha?

**(d)** Cé mhéad canna de dheochanna boga a d'athchúrsáil na mic léinn shóisearacha?

**(e)** Bunaithe ar na sonraí, an dtiocfá ar an gcinneadh go bhfuil na mic léinn shóisearacha ón sampla seo níos fearr ag athchúrsáil ná na mic léinn shinsearacha (Bliain a 4 go dtí Bliain a 6)? Bain úsáid as ríomhanna chun do fhreagra a chosaint.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 3** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**



Tá cluiche iománaíochta á imirt idir foireann A agus foireann B.
Tá an liathróid ag Fiachra, imreoir as foireann A agus déanann sé iarracht ar scór a fháil.
Is é an dóchúlacht go bhfaighidh Fiachra pointe ná 0·6 agus an dóchúlacht go bhfaighidh sé cúl ná 0·1.

**(a)** An bhfuil sé níos dóchúla go bhfaighidh Fiachra pointe nó cúl?

**(b)** Cad é an dóchúlacht nach bhfaighidh Fiachra pointe san iarracht seo?

Tá an liathróid ag Peadar, imreoir as foireann B agus déanann sé iarracht ar scór a fháil. Is é an dóchúlacht go bhfaighidh Peadar pointe ná 0·7 agus an dóchúlacht go bhfaighidh sé cúl ná 0·2.

**(c)** Is dóchúla go bhfaighidh Peadar scór ná Fiachra.
Cén fáth a bhfuil sé seo fíor? Tabhair cúis.

**(d)** Deir duine den lucht féachana: "I gcluiche idir an dá fhoireann gheobhaidh Peadar níos mó scór ná Fiachra i gcónaí".

An n-aontaíonn tú leis an duine sin?

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐


Tabhair cúis le do fhreagra.

**(e)** Tugtar poc pionóis d'fhoireann B.
Shábháil an cúl báire ar fhoireann A 12 phoc pionóis as 20 an séasúr seo.

Cad é an dóchúlacht go sábhálfaidh an cúl báire an poc pionóis, bunaithe ar a iarrachtaí go dtí seo.

**Ceist 4** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Is gasóg í Amy. Tá triantán comhshleasach déanta ag an gceannaire le pionnaí agus rópa sínte eatarthu, mar a thaispeántar sa léaráid. Tomhaiseann Amy slios amháin den triantán.
Tá sé 6 m ar fad.




**(a)** Faigh imlíne an triantáin.

**(b)** Tóg léaráid scála chruinn den triantán comhshleasach sa spás thíos.
Bain úsáid as scála de 1 cm chun seasamh do 1 m.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 5** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**


**(a)** Bain úsáid as d'áireamhán chun na cóimheasa triantánúla seo a leanas a fháil.
Scríobh gach freagra ceart go dtí ceithre ionad dheachúlacha.

sin 25° = ________________

cos 39° = _________________

tan 40° = _________________

**(b)** Taispeántar an uillinn *P* sa triantán thíos.





**(i)** Sa léaráid, lipéadaigh go soiléir an taobh atá urchomhaireach ón uillinn *P*.

**(ii)** Sa léaráid, lipéadaigh go soiléir an taobh atá cóngarach don uillinn *P*.

**(iii)** Más é an fad ag an taobh urchomhaireach ná 9 agus ag an taobh cóngarach ná 12, faigh fad an taobhagáin.

**Ceist 6** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**




Teastaíonn ó Jasmine airde a tí a fháil. Tomhaiseann sí an uillinn airde atá ag barr an dín, agus claonmhéadar á úsáid aici. Is é an uillinn ná 30°. Tá sí ina seasamh 18 m ón bpointe ar an talamh atá díreach laistíos de bhuaic an dín. Tarraingíonn Jasmine an léaráid thuas chun an t-eolas seo a thaispeáint.


**(a)** Bain úsáid as tomhais Jasmine chun $x$ a fháil.
Scríobh do fhreagra i méadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

**(b)** Cén t-eolas eile atá ag teastáil chun airde an tí a fháil?

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |


**Ceist 7** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Is é imlíne dronuilleoige ná 28 cm. Is é fad na dronuilleoige ná 9 cm.
Faigh leithead na dronuilleoige.




9 cm

**(b)** Is é an tsiombail ag na Cluichí Oilimpeacha ná cúig fháinne thrasnaíocha. Seasann na fáinní do na cúig ilchríoch a théann san iomaíocht sna cluichí. Is é an ga ag gach fáinne ná 4 m.
Faigh an imlíne iomlán atá ag na cúig fháinne.
Bain úsáid as $\pi = 3{\cdot}142$.



**Ceist 8** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Déantar stroighin a stóráil i sadhlann. Tá cruth sorcóra anuas ar chón uirthi, mar a thaispeántar sa léaráid.




**(a)** Is é airde an tsorcóra ná 7 m agus an ga ná 2 m.
Faigh toirt an tsorcóra. Bain úsáid as $\pi = 3{\cdot}142$.
Tabhair do fhreagra ceart go dtí an $m^3$ is gaire.


**(b)** Is é toirt an chóin ná 12 $m^3$.
Faigh toirt iomlán na stroighne sa tsadhlann nuair atá sé lán.
Tabhair do fhreagra ceart go dtí an $m^3$ is gaire.

**(c)** Más é an meáchan ag 1 $m^3$ stroighne ná 2·5 tona, cad é meáchan iomlán na stroighne sa tsadhlann?

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |


**Ceist 9** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Tarraing dhá ais siméadrachta de chuid an pheinteagáin rialta a thaispeántar sa léaráid thíos.



**(b)** Cad é líon iomlán na línte siméadrachta atá ag peinteagán rialta?

**(c)** Críochnaigh íomhá an pheinteagáin faoi shiméadracht lárnach sa bhunphointe.



**Ceist 10** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Athraigh na hamanna seo a leanas go dtí an clog 24 uair.

**(i)** 1.30 pm = ____________

**(ii)** 7.15 am = ____________

**(iii)** 9.50 pm = ____________



**(b)** Fágann eitleán aerfort na Sionainne. Eitlíonn sé siar ar feadh sé go leith uair agus tuirlingíonn sé ag aerfort JFK i Nua Eabhrac. An t-achar idir an dá aerfort ná 4 596 km.
Faigh meánluas an eitleáin i km/h.


**(c)** I rith na heitilte úsáideann an t-eitleán 240 lítear breosla gach nóiméad.
Cé mhéad lítear breosla a úsáidtear san eitilt?

**(d)** Le haghaidh éigeandálaí caithfidh an t-eitleán 20% níos mó breosla a iompar seachas mar atá riachtanach. Faigh méid iomlán an bhreosla atá á iompar ag an eitleán.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 11** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Tá rudaí éagsúla faighte ag seandálaí i láithreán áirithe. Tá an láithreán leagtha amach i ngreille agus taispeántar suíomh gach ruda ar an ngreille. Is iad na rudaí a fhaightear ná bróiste (B), pláta (P), fáinne (R), dealbh (S) agus tíl (T).




**(a)** Scríobh síos na comhordanáidí atá ag suíomh gach ruda.

B = ( 2 , 7 )

P = ( , )

R = ( , )

S = ( , )

T = ( , )

**(b)** Seasann gach cearnóg den ghreille do 1 $m^2$.
Faigh achar iomlán na greille.


**(c)** Cé acu ceann de na rudaí is cóngaraí don tíl (T)?

**(d)** Faigh an fad idir an bróiste (B) agus an dealbh (S).

**(e)** Cad é fána na líne ón bpláta (P) go dtí an bróiste (B)?

**Ceist 12** **(15 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Roghnaigh na téarmaí cearta do A, B agus C ón liosta seo a leanas:




**ga**

**trastomhas**

**imlíne**

**lárphointe**


**corda**

Scríobh na freagraí isteach sa ghreille.

| | |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**(b)** Faigh na huillinneacha atá in easnamh sa léaráid. Scríobh na freagraí isteach sa ghreille.




| | |
|---|---|
| $x$ | |
| $w$ | |
| $y$ | |
| $z$ | |

**(c)** Tá tomhais na sleasa ag ceithre thriantán mar seo a leanas:

| Triantán | Sleasa |
|---|---|
| A | 5, 3, 4 |
| B | 5, 6, 5 |
| C | 5, 6, 7 |
| D | 5, 6, 8 |


Cé acu triantán atá comhchosach? Tabhair cúis le do fhreagra.

Freagra

Cúis

**(d)** Bhain Cian úsáid as uillinntomhas chun an uillinn $\alpha$ sa léaráid thíos a thomhas.

An freagra a bhí aige ná 100°.





An n-aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú le tomhas Chian. Tabhair cúis le do fhreagra.

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐

Cúis

**(e)** Is féidir teoirimí ar do chúrsa a úsáid chun tomhas na n-uillinneacha sa léaráid thíos a fháil. Scríobh síos, i do fhocail féin, teoirim ar bith a d'fhéadfá a úsáid chun go bhfaighfeá ceann de na huillinneacha atá in easnamh.




Teoirim

**(f)** Faigh tomhas gach ceann de na huillinneacha atá in easnamh sa léaráid i gcuid **(e)** thuas. Taispeáin do ríomhanna.

$x° =$ $y° =$

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 13** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Cuireadh ceist ar ghrúpa mac léinn faoi cé mhéad teachtaireacht téacs a bhí curtha ag gach duine acu an lá roimhe sin. Ba iad na torthaí ná:

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 | 32 | 6 | 17 | 19 | 15 | 3 | 35 | 42 | 25 |
| 9 | 28 | 34 | 18 | 40 | 11 | 16 | 28 | 31 | 7 |

**(a)** Cé mhéad mac léinn a bhí sa ghrúpa?

**(b)** Léirigh na sonraí ar léaráid ghais is duillí.

| | |
|---|---|
| **0** | |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |

**Eochair:**

**(c)** Faigh mód na sonraí.

**(d)** Faigh meán na sonraí.

**(e)** Cén céatadán de mhic léinn a chuir níos mó ná 30 téacs?

Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhreise.

| lch | iom. reatha |
| --- | --- |
| | |

An Teastas Sóisearach 2013 – Gnáthleibhéal

# Matamaitic (Tionscadal Mata – Céim 3) – Páipéar 2

Dé Luain 10 Meitheamh
Maidin 9.30 go dtí 11.30